Naomh Éanna

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chinniúint na loinge *Naomh Éanna*. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, pléigh brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo leis an duine in aice leat:

socrú
imithe i léig
a thabhairt slán
bád farantóireachta agus lastais
lonnaithe
casadh i scéal an bháid
duga
a thabhairt chun críche
ar bhonn sealadach
Uiscebhealaí Éireann



Ceist 2 Féach ar an mír anois agus bain úsáid as na focail agus na frásaí thuas chun na bearnaí a líonadh sa script.

Eimear Ní Chonaola
Tá sé curtha in iúl ag NAMA do Nuacht TG4, go bhfuil an _____ a bhí acu le húinéirí an tseanbháid an *Naomh Éanna*, maidir le hí a choinneáil ar ché dá gcuid i mBaile Átha Cliath, _____ ó 2019. Bhí feachtas ar bun le roinnt blianta, ag iarraidh an bád farantóireachta a bhíodh ag freastal ar Oileán Árann, _____. Ach, deir lucht an fheachtais inniu, nach bhfuil aon mhaith déanta.

Áine Lally
Tá stair mhór ag baint leis an *Naomh Éanna*, mar gur chaith sí breis is tríocha bliain ina _____ idir Gaillimh agus Árainn ó dheireadh na gcaogaidí. Os cionn ceithre bliana ó shin, chuir Sam Field Corbett agus grúpa tacaíochta an tseanbháid, feachtas ar bun ag iarraidh í a thabhairt slán óna titim. Le linn an ama seo, leagadh amach trí phlean déag gnó ina raibh sé i gceist obair mhór a dhéanamh uirthi. I measc na bpleananna sin, bhí sé i gceist músaem, óstán agus caifé a dhéanamh di, agus bhí súil go mbeadh sí _____ i nGaillimh.

Is iomaí _____ seo ó cuireadh feachtas ar bun chun í a shábháil. Is i n_____ na Canálach Móire sa bpríomhchathair atá sí inniu.

Micheál Ó Cionna, 'Killary Fjord Boat Tours' agus Grúpa Tacaíochta *Naomh Éanna*
Faraor, tá an chosúlacht ann go bhfuil deireadh tagtha leis an *Naomh Éanna* ag an bpointe seo. Chaith Sam Corbett ceithre nó cúig de bhlianta ag iarraidh an long a shábháil, agus bhí mise ag cabhrú leis, leis an bplean a bhí aige í a thabhairt siar anseo go Gaillimh, le bheith lonnaithe thíos sa seanduga ansin, i lár Chathair na Gaillimhe. Ach, is cosúil nach bhfuil aon am fágtha le hí a shábháil agus ní raibh muid in ann sa deireadh dóthain airgid a chur le chéile chun an togra _____.

Áine Lally

Thug NAMA le fios do Nuacht TG4 inniu, nach leo an *Naomh Éanna* ach gur leo an áit ina bhfuil sí anois. In 2015, tugadh cead d'úinéirí an bháid suíomh NAMA a úsáid _____. Tá an comhaontú sin imithe i léig ó 2019. Faoi láthair, tá NAMA, a deir siad, mar aon le h_____ ag féachaint ar na roghanna atá acu anois maidir leis an suíomh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Tá an long *Naomh Éanna* in iarthar na tíre faoi láthair.
2. Chaith an *Naomh Éanna* 30 bliain ag dul ó Ghaillimh go dtí Árainn agus ar ais.
3. Is é Sam Field Corbett úinéir na loinge.
4. Bhí sé i gceist bialann ardnósach a dhéanamh den bhád.
5. Bhailigh an grúpa tacaíochta go leor airgid chun an togra a fhorbairt.
6. Is le NAMA anois an *Naomh Éanna*.

Ceist 4 An séimhiú

Tá an séimhiú in easnamh i ngach sampla thíos. Líon isteach é san áit cheart agus abair cén fáth a bhfuil sé ann. Pléigh do chuid freagraí le cinn an duine in aice leat.

- lucht an feachtais
- aon maith déanta
- stair mór
- ó deireadh
- trí plean déag
- obair mór
- ar bonn sealadach
- uiscebealaí

Ceist 5 'Caol le caol agus leathan le leathan'

Críochnaigh na hainmfhocail seo a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Tá an chéad cheann déanta duit.

farantóir_____	= farantóir<u>eacht</u>
úin_____	=
tacaí_____	=
cas_____	=
cuir_____	=
deir_____	=

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Ar chaith tú seal ar aon oileán amach ó chósta na hÉireann? Déan cur síos ar an eispéireas sin.

2. Cén tábhacht a bhaineann le long ar nós *Naomh Éanna* a athchóiriú agus a chaomhnú, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. *socrú*	arrangement
2. *imithe i léig*	lapsed
3. *a thabhairt slán*	to save
4. *bád farantóireachta agus lastais*	ferry and cargo boat
5. *lonnaithe*	situated
6. *casadh i scéal an bháid*	twist in the boat's story
7. *duga*	dock
8. *a thabhairt chun críche*	to finalise
9. *ar bhonn sealadach*	temporarily
10. *Uiscebhealaí Éireann*	Waterways Ireland

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

1. Bréagach. Tá sí in oirthear na tíre, i mBaile Átha Cliath.
2. Fíor.
3. Ní deirtear.
4. Bréagach. Bhí sé i gceist músaem, óstán agus caifé a dhéanamh den bhád.
5. Bréagach.
6. Bréagach. Is le NAMA anois an áit ina bhfuil *Naomh Éanna.*

Ceist 4

lucht an f**h**eachtais: Séimhítear ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach uatha tar éis an ailt (ach amháin má thosaíonn an t-ainmfhocal ar d, t ná s).
aon m**h**aith déanta: Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis an fhocail 'aon' (ach amháin má thosaíonn an t-ainmfhocal ar d, t ná s).
stair m**h**ór: Séimhítear an aidiacht tar éis ainmfhocal baininscneach.
ó d**h**eireadh: Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí 'ó'.
trí p**h**lean déag: Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis na huimhreach 'trí'.
obair m**h**ór: Séimhítear an aidiacht tar éis ainmfhocal baininscneach.
ar b**h**onn sealadach: Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí 'ar', nuair nach gcuirtear staid nó suíomh in iúl.
uisceb**h**ealaí: Nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú, cuirtear séimhiú ar an dara focal (ach amháin nuair a thagann *d*, *t*, *l*, *s* ná *n* le chéile*).*

Ceist 5

farantóir_____	= farantóir<u>eacht</u>
úin_____	= úin<u>éir</u>
tacaí_____	= tacaí<u>ocht</u>
cas_____	= cas<u>adh</u>
cuir_____	= cuir<u>eadh</u>
deir_____	= deir<u>eadh</u>

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Tá sé curtha in iúl ag NAMA do Nuacht TG4, go bhfuil an socrú a bhí acu le húinéirí an tseanbháid an *Naomh Éanna*, maidir le hí a choinneáil ar ché dá gcuid i mBaile Átha Cliath, imithe i léig ó 2019. Bhí feachtas ar bun le roinnt blianta, ag iarraidh an bád farantóireachta a bhíodh ag freastal ar Oileán Árann, a thabhairt slán. Ach, deir lucht an fheachtais inniu, nach bhfuil aon mhaith déanta.

Áine Lally
Tá stair mhór ag baint leis an *Naomh Éanna*, mar gur chaith sí breis is tríocha bliain ina bád farantóireachta agus lastais idir Gaillimh agus Árainn ó dheireadh na gcaogaidí. Os cionn ceithre bliana ó shin, chuir Sam Field Corbett agus grúpa tacaíochta an tseanbháid, feachtas ar bun ag iarraidh í a thabhairt slán óna titim. Le linn an ama seo, leagadh amach trí phlean déag gnó ina raibh sé i gceist obair mhór a dhéanamh uirthi. I measc na bpleananna sin, bhí sé i gceist músaem, óstán agus caifé a dhéanamh di, agus bhí súil go mbeadh sí lonnaithe i nGaillimh.

Is iomaí casadh i scéal an bháid seo ó cuireadh feachtas ar bun chun í a shábháil. Is i nduga na Canálach Móire sa bpríomhchathair atá sí inniu.

Micheál Ó Cionna, 'Killary Fjord Boat Tours' agus Grúpa Tacaíochta *Naomh Éanna*
Faraor, tá an chosúlacht ann go bhfuil deireadh tagtha leis an *Naomh Éanna* ag an bpointe seo. Chaith Sam Corbett ceithre nó cúig de bhlianta ag iarraidh an long a shábháil, agus bhí mise ag cabhrú leis, leis an bplean a bhí aige í a thabhairt siar anseo go Gaillimh, le bheith lonnaithe thíos sa seanduga ansin, i lár Chathair na Gaillimhe. Ach, is cosúil nach bhfuil aon am fágtha le hí a shábháil agus ní raibh muid in ann sa deireadh dóthain airgid a chur le chéile chun an togra a thabhairt chun críche.

Áine Lally
Thug NAMA le fios do Nuacht TG4 inniu, nach leo an *Naomh Éanna* ach gur leo an áit ina bhfuil sí anois. In 2015, tugadh cead d'úinéirí an bháid suíomh NAMA a úsáid ar bhonn sealadach. Tá an comhaontú sin imithe i léig ó 2019. Faoi láthair, tá NAMA, a deir siad, mar aon le hUiscebhealaí Éireann ag féachaint ar na roghanna atá acu anois maidir leis an suíomh.

Áine Lally, Nuacht TG4.